Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2024

Ábhair

1. Réamhrá 1

2. Fúinn 2

2.1 Rialtas Áitiúil in Éirinn 2

2.2 Comhairle Cathrach na Gaillimhe 4

3. Tuairisciú ar Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná 6

3.1 Tuairisciú ar Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná 2024 6

3.2 Cé atá san áireamh? 6

3.3 Cad atá i gceist againn leis an mBearna Phá idir na Fir agus na Mná? 6

3.4 Meán agus Airmheán na Bearna Phá idir na Fir agus na Mná 8

3.5 Bannaí Pá Ceathairíle 9

3.6 Bónas agus Sochar Comhchineáil 10

3.7 Tosca ar féidir Tionchar a bheith acu ar an mBearna Phá idir na Fir agus na Mná 10

4. Ár bhFigiúirí 12

4.1 Meán agus Airmheán na Bearna Phá idir na Fir agus na Mná agus Ceathairíl Pá Bhanda – Gach Fostaí 12

4.2 Meán agus airmheán na Bearna Phá idir na Fir agus na Mná – Fostaithe Páirtaimseartha 15

4.3 Meán agus airmheán na Bearna Phá idir na Fir agus na Mná – Fostaithe Sealadacha 16

4.4 Sochar Comhchineáil 16

4.5 Íocaíocht bónais 16

5. Conas atáimid ag Tacú le Comhionannas Inscne 17

5.1 Cleachtais Earcaíochta atá Córa agus Trédhearcacha 17

5.2 Cothromaíocht oibre is saoil 17

5.3 Obair Chumaisc 18

5.4 Foghlaim agus Forbairt 18

5.5 Sláinte agus Folláine 18

5.6 Dínit ag an Obair 18

5.7 Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 19

5.8 Dualgas na hEarnála Poiblí 19

5.9 Mná sa Cheannaireacht 20

5.10 Printíseachtaí 20

5.11 Bailiú Sonraí agus Forbairt Beartais Bunaithe ar Fhianaise 21

1. Réamhrá

Fáiltím roimh an deis tríú bliain tuairiscithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar an mbearna phá idir na fir agus na mná a chur i láthair. Comhlíonann an tuairisc seo ár n-oibleagáidí faoin Acht um Fhaisnéis ar Bhearnaí Phá idir na Fir agus na Mná 2021, a tugadh isteach ar bhonn reachtúil le haghaidh tuairisciú maidir leis an bhearna phá idir na fir agus na mná in Éirinn. Is saincheist thábhachtach í saincheist na ndifríochtaí pá idir na fir agus na mná, ní hamháin don ionad oibre, ach don tsochaí i gcoitinne.

Is áit í Comhairle Cathrach na Gaillimhe ina bhfuil na deiseanna céanna aitheantais agus forbartha gairme ag gach fostaí agus ina gcaitear go cothrom leo san obair. Táimid tiomanta do chomhionannas deise a chinntiú, tacú le héagsúlacht agus ionad oibre oscailte agus cuimsitheach a chruthú.

Soláthraíonn ár dtuairisc ar bhearna phá idir na fir agus na mná faisnéis staitistiúil dúinn a léiríonn cá bhfuil bearnaí pá agus a shainaithníonn na cúiseanna. Leanaimid de bheith tiomanta aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht, agus le go leor tionscnamh agus tacaíochtaí i bhfeidhm cheana féin, leanfaimid ag obair sa réimse seo.

Úsáidfimid an deis freisin scrúdú a dhéanamh ar an méid a insíonn an tuairisc dúinn faoinár n-eagraíocht, cad is gá dúinn a ionchorprú inár bpróisis phleanála fórsa saothair amach anseo agus conas is féidir léi tacú linn inár n-uaillmhian a bheith mar fhostóir a dhéanann duine rogha obair le.

Oibreoimid lenár gcomhghleacaithe ar fud na hearnála údaráis áitiúil chun dea-chleachtas a roinnt bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ón tuairisc seo. Táimid tiomanta a chinntiú go meallaimid, go gcoimeádfaimid agus go bhforbróimid an tallann riachtanach chun tacú linn le seirbhísí a sholáthar do Chathair na Gaillimhe, i dtimpeallacht seirbhíse poiblí a bhíonn ag athrú go deo.

Leanfaimid ag déanamh monatóireachta ar na treochtaí seo agus ag tabhairt aghaidh orthu.

Leonard Cleary

Príomhfheidhmeannach

Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

2. Fúinn

2.1 Rialtas Áitiúil in Éirinn

Tá 31 údarás áitiúil agus 3 thionól réigiúnacha in Éirinn. Is iad na húdaráis áitiúla an cineál rialtais is gaire agus is inrochtana do shaoránaigh. Tá siad freagrach as raon leathan seirbhísí a sholáthar ina gceantar áitiúil, le fócas ar chathracha, bailte, sráidbhailte agus an tuath a dhéanamh tarraingteach mar áiteanna cónaithe, oibre agus infheistíochta iontu.

Cuireann seirbhísí údaráis áitiúil go mór le forbairt fhisiciúil, chultúrtha, shóisialta agus chomhshaoil na bpobal agus áirítear leo tithíocht, pleanáil, bonneagar, cosaint an chomhshaoil agus soláthar áiseanna agus bonneagar áineasa agus pobail.

Tá ról lárnach ag údaráis áitiúla maidir le cuimsiú sóisialta agus cáilíocht na beatha a chur chun cinn agus tacú le forbairt agus fiontraíocht eacnamaíoch ag leibhéal áitiúil. Glacann údaráis áitiúla an príomhról maidir le fís straitéiseach an chontae nó na cathrach a mhúnlú. Oibríonn siad freisin i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí stáit, poiblí agus príobháideacha eile chun bonneagar ríthábhachtach agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Soláthraíonn údaráis áitiúla na céadta seirbhísí agus cuireann siad beartas i bhfeidhm thar raon réimsí lena n-áirítear:

- Ealaíona agus cultúr
- Gníomhú ar son na haeráide
- Seirbhísí pobail
- Forbairt eacnamaíochta
- Timpeallacht
- Tithíocht
- Leabharlanna
- Páirceanna agus spásanna oscailte
- Pleanáil
- Bóithre agus iompar
- Turasóireacht

Tagann fostaithe údaráis áitiúil ó raon leathan de chúlraí le scileanna, cáilíochtaí agus taithí éagsúla. I measc na róil san earnáil tá:

- Cuntasóirí
- Riaracháin
- Printíseachtaí
- Seandálaithe
- Ailtirí
- Cartlannaithe
- Oifigigh chaomhantais
- Innealtóirí
- Seirbhís dóiteáin
- Seirbhís ghinearálta agus ceardaithe
- Céimithe
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Teicneolaíocht faisnéise
- Seirbhísí leabharlainne
- Pleanálaithe
- Róil shinsearacha bhainistíochta
- Teicneoirí

Baineann oibrithe do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe deis amach chun taithí a fháil i gcroílár an rialtais áitiúil agus fíordhifríocht a dhéanamh do Chathair na Gaillimhe. Tá gach rud a dhéanaimid i gComhairle Cathrach na Gaillimhe dírithe ar Chathair na Gaillimhe a dhéanamh mar áit iontach le maireachtáil agus le hoibriú ann agus tá ról ríthábhachtach ag ár bhfostaithe san uaillmhian sin.

2.2 Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Tá cáil ar Chathair na Gaillimhe mar chathair atá éagsúil ó thaobh cultúir de, bríomhar, óige, timpeallaithe ag radharcanna iontacha Chonamara siar, Loch Coirib ó thuaidh agus fiántas an Aigéin Atlantaigh i ndeisceart na cathrach. Cuireann go leor fachtóirí le Cathair na Gaillimhe a bheith ina áit uathúil le cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt uirthi.

Tá lucht oibre de thart ar 580 fostaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Mar eagraíocht, féachann Comhairle Cathrach na Gaillimhe le tarraingt na cathrach a fheabhsú mar áit le hinfheistíocht a dhéanamh ann, le hoibriú agus le maireachtáil ann, agus glacann sí an príomhról maidir le fís straitéiseach na cathrach a mhúnlú. Soláthraímid raon éagsúil, ilshraitheach agus éabhlóideach seirbhísí do shaoránaigh agus do chuairteoirí Cathair na Gaillimhe, lena n-áirítear soláthar seirbhísí tithíochta, pleanála, forbartha, comhshaoil, bóithre, tráchta, fóillíochta agus pobail.

Oibríonn ár bhfostaithe in údarás áitiúil dinimiciúil agus forásach a chuireann comhdheiseanna chun cinn do chách. Is iad an acmhainn is luachmhaire atá againn.

Seo a leanas miondealú ar fhórsa saothair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:



I gcomparáid le 2023 léiríonn an miondealú thuas ar an lucht saothair:

- Tá céatadán foriomlán na bhfostaithe ar fir iad agus na bhfostaithe ar mná iad fanta mar an gcéanna.
- Tá laghdú 1% tagtha ar líon na bhfostaithe atá ag obair go páirtaimseartha.
- Maidir le catagóirí poist, cruthaíodh roinnt post nua sna catagóirí gairmiúla agus teicniúla.

3. Tuairisciú ar Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná

3.1 Tuairisciú ar Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná 2024

Ceanglaíonn an tAcht um Fhaisnéis ar Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná, 2021 ar eagraíochtaí a bhfuil breis agus 150 fostaí acu tuairisciú ar a mBearna Phá idir na Fir agus na Mná. Is í 2024 an triú bliain a mbeidh ar eagraíochtaí tuairisciú ar a mBearna Phá idir na Fir agus na Mná.

Iarrtar ar eagraíochtaí dáta 'léargais' a roghnú i mí an Mheithimh. Is í an tréimhse tuairiscithe an tréimhse 12 mhí díreach roimh agus lena n-áirítear an dáta léargais, arb é an 30 Meitheamh, 2024 d'údaráis áitiúla. Tá sé mhí ag eagraíochtaí lena ríomhanna a ullmhú, sula dtuairisceoidh siad sé mhí ina dhiaidh sin i rith mhí na Nollag 2024. Ní mór an fhaisnéis a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an fhostóra nó ar bhealach éigin eile a bhfuil rochtain ag a chuid fostaithe go léir uirthi agus ag an bpobal uirthi.

3.2 Cé atá san áireamh?

Gach duine atá fostaithe ag an bhfostóir ar an dáta léargais, lena n-áirítear fostaithe nach bhfuil ar an uainchlár oibre ar an dáta sin agus fostaithe ar saoire. Ní mór na figiúirí meánacha agus airmheánacha a thabhairt ar leithligh freisin d'fhostaithe páirtaimseartha agus sealadacha.

3.3 Cad atá i gceist againn leis an mBearna Phá idir na Fir agus na Mná?

Ríomhann an Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná an difríocht chéatadáin idir meántuilleamh na bhfear agus na mban beag beann ar a ról.

Ní hionann an Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná agus pá comhionann. Forálann an reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta, do phá comhionann as obair chomhchosúil.

Íoctar go cothrom le gach fostaí fireann agus baineann san earnáil rialtais áitiúil as obair atá mar an gcéanna nó comhchosúil nó as obair ar chomhluach, mar sin ní scrúdaítear pá comhionann sa tuairisc seo. Comhaontaítear rátaí pá laistigh den earnáil trí chomhaontuithe náisiúnta pá a dhéantar a shocrú go rialta idir fostóirí agus ionadaithe foirne. Íoctar formhór na bhfostaithe de réir scála incriminteach pá agus tá na raonta pá do róil éagsúla ar fáil ar shuíomh Gréasáin jabanna an rialtais áitiúil ag www.localgovernmentjobs.ie

3.4 Meán agus Airmheán na Bearna Phá idir na Fir agus na Mná

Ríomhann an Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná an difríocht chéatadáin idir meántuilleamh na bhfear agus na mban beag beann ar a ról, ag baint úsáide as na bearta seo a leanas:

MEÁN NA BEARNA PHÁ IDIR NA FIR AGUS NA MNÁ
Léiríonn sé seo an difríocht % idir an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhir agus meánráta pá in aghaidh na huaire do mhná (meánráta in aghaidh na huaire d'fhir) – (meánráta in aghaidh na huaire do mhná) x 100 meánráta in aghaidh na huaire d'fhir
AIRMHÉAN NA BEARNA PHÁ IDIR NA FIR AGUS NA MNÁ
Léiríonn sé seo an difríocht % idir an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhir agus meánráta pá in aghaidh na huaire do mhná (airmheán rátaí in aghaidh na huaire d'fhir) – (airmheán rátaí in aghaidh na huaire do mhná) x 100 airmheán rátaí in aghaidh na huaire d'fhir

Is é an **meán** an meán. Ríomhtar é tríd an difríocht a fháil idir an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhir agus an meánráta pá in aghaidh na huaire do mhná (ráta in aghaidh na huaire d'fhir lúide ráta in aghaidh na huaire do mhná), léirithe mar chéatadán de ráta in aghaidh na huaire d'fhir. Má tá an figiúr seo diúltach, tá an meánráta in aghaidh na huaire do mhná níos airde ná an meánráta in aghaidh na huaire d'fhir ar an dáta léargais. Má tá an figiúr seo dearfach, tá an meánráta in aghaidh na huaire na bhfear níos airde ná an meánráta in aghaidh na huaire na mban ar an dáta léargais.

Is é **an t-airmheán** an figiúr atá i lár an raoin ina bhfuil pá na bhfostaithe ábhartha go léir liostaithe, ón gceann is ísle go dtí an líon is airde. Is féidir leis seo léiriú níos cruinne a sholáthar ar na difríochtaí 'tipiciúila' maidir le pá.

Tá sé úsáideach breathnú ar na meánfhigiúirí agus ar na figiúirí airmheánacha, mar is féidir le gach duine rud éigin difriúil a insint dúinn faoi na fachtóirí bunúsacha a mbíonn tionchar acu ar an mbearna phá. Mar shampla, is féidir le líon beag fostaithe ar phá níos airde dul i bhfeidhm ar an meánfhigiúr agus más amhlaidh an cás, d'fhéadfadh go mbeadh an figiúr airmheánach níos ionadaí don difríocht idir an méid a íoctar d'fhear agus do bhean.

Má tá difríocht shuntasach idir meánbhearna pá agus an bhearna pá airmheánach eagraíochta, d'fhéadfadh sé seo a léiriú go bhfuil tionchar ag na saothraí ar ioncam íseal (ag déanamh an meán níos ísle ná an t-airmheán) nó ag grúpa de saothraí ar ioncam níos airde (ag déanamh an mheán níos airde ná an t-airmheán).

Tá sé tábhachtach a chuimhneamh freisin go n-úsáideann an tuairisc seo sonraí maidir le dáta léargais i mí an Mheithimh. Féadfaidh bearnaí phá idir na fir gus na mná athrú ó mhí go mí agus trasna bandaí pá ceathairíleach, ag brath ar athruithe ar líon na ndaoine. Mar sin féin, tabharfaidh príomhfhigiúirí léiriú maith ar na difríochtaí idir meántuilleamh idir fir agus mná.

3.5 Bannaí Pá Ceathairíle

Má dhéantar fostaithe a roinnt i gceithre ghrúpa comhionann nó níos lú (nó ceathairíl) le pá grádaithe ón leibhéal is ísle go dtí an leibhéal is airde, cabhraíonn sé sin linn pá thar leibhéil éagsúla na heagraíochta a scrúdú. Ní mór d'eagraíochtaí tuairisc a thabhairt ar chéatadán na bhfostaithe a thagann faoi réim na mbandaí pá in aghaidh na huaire sa cheathairíl íochtair, sa lár, sa lár uachtarach agus sa cheathairíl uachtarach.

Chun fostaithe a ghrúpáil isteach sna Bannaí Pá Ceathairíleach seo, liostaíonn an eagraíocht na fostaithe go léir ón duine is ísle go dtí an duine is airde, bunaithe ar a rátaí in aghaidh na huaire. Roinntear na fostaithe ansin i gceithre ghrúpa comhionanna nó Ceathairíleanna bunaithe ar seo - íochtair, lár íochtair, lár uachtarach agus uachtarach.

Taispeánann an fostóir ansin comhréir na bhfostaithe fir agus mná i ngach ceathairíl mar chéatadán e.g., céatadán fostaithe fir sa cheathairíl íochtair agus céatadán fostaithe mná sa cheathairíl íochtair (agus mar sin de).

3.6 Bónas agus Sochar Comhchineáil

Ní mór figiúirí a sholáthar freisin le haghaidh íocaíochtaí bónais nó íocaíochtaí sochar comhchineáil má bhaineann siad seo leis. Ní bhaineann íocaíochtaí bónais leis an earnáil rialtais áitiúil.

D'fhéadfadh Sochar Comhchineáil teacht chun cinn i gcúinsí áirithe, mar nuair a íocann an fostóir roinnt táillí gairmiúla.

3.7 Tosca ar féidir Tionchar a bheith acu ar an mBearna Phá idir na Fir agus na Mná

Mar a luadh, ní fhéachann an tuairisc seo ar phá comhionann. Íoctar go cothrom le gach fostaí, beag beann ar inscne, as obair atá comhionann nó comhchosúil nó as obair ar chomhluach. Mar sin féin, féadfaidh roinnt fachtóirí casta tionchar a bheith ag difríochtaí idir an méid a íoctar le fostaithe, lena n-áirítear:

- Scaradh gairme – d'fhéadfadh gur mheall roinnt catagóirí post nó gairmeacha níos mó ban go traidisiúnta ná fir nó a mhalairt.
- Patrúin oibre – obair lánaimseartha agus pháirtaimseartha. B'fhéidir go lorgaíonn níos mó ban ná fir obair pháirtaimseartha nó sosanna gairme agus cé nach mbíonn tionchar aige seo ar a ráta pá in aghaidh na huaire, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar roghanna maidir le dul chun cinn gairme.
- Fad seirbhíse – d'fhéadfadh go gciallódh méaduithe incriminteacha pá go n-íoctar níos lú le na daoine nua i gcomparáid leis ne fostaithe a bhfuil níos mó taithí acu.
- Tráth den bhliain – is féidir oibrithe sealadacha nó séasúracha a earcú le haghaidh róil éagsúla a d'fhéadfadh ráta pá difriúil a fháil.
- Miondealú inscne ar róil shinsearacha ar thuarastail níos airde – is féidir le líon beag fostaithe ar phá níos airde dul i bhfeidhm ar na meánfhigiúirí.
- Miondealú inscne ar róil ar phá níos ísle – is féidir le líon mór fostaithe ar phá níos ísle dul i bhfeidhm ar na meánfhigiúirí.

Má thuairiscíonn eagraíocht **bearna phá idir na fir agus na mná dhearfach**, ní chiallaíonn sé go n-íoctar níos lú le mná ná le fir as an bpost céanna a dhéanamh, ach léiríonn sé, ar an meán, go mbíonn róil le phá níos airde ag fir ná ag mná.

Má thuairiscíonn eagraíocht **bearna phá idir na fir agus na mná diúltach**,ní chiallaíonn sé go n-íoctar níos lú fir ná mná as an bpost céanna a dhéanamh, ach léiríonn sé go bhfuil róil le phá níos airde ag mná ná ag fir.

Dá mhéad an bhearna phá dhearfach nó dhiúltach, is ea is suntasaí a bheidh na difríochtaí sna rátaí pá in aghaidh na huaire agus is amhlaidh is mó fear nó mná a bheidh ag obair go comhréireach i róil ar phá níos airde nó ar phá níos ísle laistigh den eagraíocht.

4. Ár bhFigiúirí

4.1 Meán agus Airmheán na Bearna Phá idir na Fir agus na Mná agus Ceathairíl Pá Bhanda – Gach Fostaí

Bearna Phá idir na Fir agus na Mná Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024

Gach fostaí don tréimhse tuairiscithe go dtí an 30 Meitheamh 2024

MEÁN NA BEARNA PHÁ IDIR NA FIR AGUS NA MNÁ	AIRMHÉAN NA BEARNA PHÁ IDIR NA FIR AGUS NA MNÁ
-0.82%	-13.67%



Nóta: Is é **63%**/37% miondealú inscne na bhfostaithe go léir an 30 Meitheamh 2024. Taispeántar é seo sa líne poncaithe thuas

Léiríonn an **Mheánbhearna Phá idir na Fir agus na Mná**, ar an meán, go bhfuil meánráta pá na mban 0.82% níos airde ná an meánráta pá d'fhir.
Léiríonn an **Bhearna Pá Airmheán idir na Fir agus na Mná** go bhfuil an ráta pá airmheánach do mhná 13.67% níos airde ná an meánráta pá d'fhir.

Má fhéachtar ar dháileadh na bhfostaithe ar fud na gceithre **Bhanda Pá Cheathairíle**, cabhraíonn sé linn pá ag leibhéil éagsúla den eagraíocht a scrúdú.

Léiríonn na Bandaí Pá Ceathairíle seo dáileadh fostaithe fir agus mná de réir Banda Pá ar fud na heagraíochta (liostaíonn an eagraíocht na fostaithe go léir ón bpá is ísle go dtí an phá is airde, bunaithe ar a rátaí in aghaidh na huaire, ansin roinntear é seo i gceithre Bhanda Pá nó Ceathairíl chomhionanna - íochtarach, lár íochtarach, lár uachtarach agus uachtarach. Taispeánann an fostóir ansin céatadán na bhfostaithe fireanna agus baineanna i ngach ceathairíl).

Chun nach mbeadh aon Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná ann bheifeá ag súil go mbeadh léiriú níos dlúithe ar dhéimeagrafaic an lucht saothair i ngach ceathairíl.

Athraíonn an scoilt do gach ceann de na 4 Cheathairíl thuas de réir Banda Pá, mar seo a leanas:

Tá Banda Pá 1 comhdhéanta de thuairim is 63% Fir / 37% Mná. Tá Banda Pá 2 comhdhéanta de thuairim is 71% Fir / 29% Mná. Tá scair níos airde d'fir i mBanda 1 agus Banda 2, a léiríonn go bhfuil níos mó fir ag gráid atá ar phá níos ísle go comhréireach, a imríonn tionchar ar thorthaí foriomlána Meánach agus Airmheánach maidir leis an mBearna Phá idir na Fir agus na Mná i bhfabhar na mban.

I mBanda 3 agus 4 feicimid scoilt níos gaire idir Fir / Mná agus tuairim is 60% Fir / 40% Mná i mBanda 3. Cuimsíonn Banda 4 tuairim is 58% Fir / 42% Mná.

Is féidir le níos mó fir sna gráid níos ísle agus níos lú mná ag gráid níos airde dul i bhfeidhm ar na bearnaí pá meánacha agus airmhéanacha.

Ba iad -6.26% agus -20.58% na figiúirí Meánacha agus Airmheánacha maidir leis an mBearna Phá in 2023 ach is iad -0.82% agus -13.67% faoi seach figiúirí na bliana 2024. Is é +5.44% agus +6.91% faoi seach an difríocht idir na figiúirí Meánacha agus Airmheánacha maidir leis an mBearna Phá ó 2023 go 2024. Tá laghdú suntasach tagtha ar na figiúirí Meánacha agus Airmheánacha araon, mar gheall ar líon níos airde fear i róil shinsearacha san eagraíocht.

Tuairiscíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe bearna phá idir na fir agus na mná diúltach a léiríonn go bhfuil róil le pá níos airde ag mná ar an meán ná ag fir.

4.2 Meán agus airmheán na Bearna Phá idir na Fir agus na Mná – Fostaithe Páirtaimseartha

Bearna Phá idir na Fir agus na Mná Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024 Fostaithe páirtaimseartha don tréimhse tuairiscithe go dtí an 30 Meitheamh 2024	
MEÁN NA BEARNA PHÁ IDIR NA FIR AGUS NA MNÁ	AIRMHÉAN NA BEARNA PHÁ IDIR NA FIR AGUS NA MNÁ
-13.23%	-14.02%

Bhí thart ar 8% dár bhfostaithe ar fad ar 30 Meitheamh 2024 ag obair go páirtaimseartha. Díobh seo, bhí 24% Fir agus 76% Mná.

I measc na bhfachtóirí a théann i bhfeidhm ar phatrún na bhfostaithe páirtaimseartha ar fud na heagraíochta tá raon roghanna oibre solúbtha d'obair pháirtaimseartha agus cé go bhfuil siad ar fáil do gach fostaí, glacann níos mó fostaithe mná an rogha seo. Fachtóir eile is ea catagóirí poist ina bhfuil obair pháirtaimseartha mar ghné cheirde den ról, mar shampla maoir scoile.

I gcás Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, mínítear an bhearna phá idir na fir agus na mná diúltach níos airde don ráta páirtaimseartha meánach agus airmheánach in aghaidh na huaire ag an sciar níos airde de mhná a bhaineann leas as obair pháirtaimseartha i mBandaí Pá 3 agus 4. Tá 0% fir ag obair go páirtaimseartha i mBanda Pá 4 agus níl ach 27% d'fhir ag obair go páirtaimseartha i mBanda Pá 3.

Ba iad -24.01% agus -19.94% na figiúirí Meánacha agus Airmheánacha maidir leis an mBearna Phá in 2023, ach is iad -13.23% agus -14.02% faoi seach figiúirí bliana 2024. Laghdú ar líon na mban i bpoist shinsearacha chun leas a bhaint as obair pháirtaimseartha is cúis leis an laghdú suntasach atá tagtha ar na figiúirí Meánacha agus Airmheánacha maidir leis an mBearna Phá.

4.3 Meán agus airmheán na Bearna Phá idir na Fir agus na Mná – Fostaithe Sealadacha

Bearna Phá idir na Fir agus na Mná Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024 Fostaithe sealadacha don tréimhse tuairiscithe go dtí an 30 Meitheamh 2024	
MEÁN NA BEARNA PHÁ IDIR NA FIR AGUS NA MNÁ	AIRMHÉAN NA BEARNA PHÁ IDIR NA FIR AGUS NA MNÁ
3.23%	-19.59%

Ar 30 Meitheamh 2024, bhí 3% dár bhfostaithe fostaithe ar chonarthaí sealadacha.

Astu seo, ba mhná iad 31% agus ba fhir iad 69%. Áirítear ar na conarthaí seo fostaithe sealadacha / conartha / séasúracha mar oibrithe ginearálta, céimithe, teicneoirí agus innealtóirí.

Léiríonn an sciar níos airde d'fir atá ar chonarthaí sealadacha i mBandaí Pá 3 agus 4 Meán dearfach na mBearnaí Pá idir na Fir agus na Mná.

Ba iad na figiúirí Meánach agus Airmheánach maidir le Bearna Pá in 2023 ná -6.90% agus -21.63% ach in 2024 bhí sé +3.23% agus -19.59% faoi seach.

4.4 Sochar Comhchineáil

Ar 30 Meitheamh 2024 ní raibh aon fhostaithe ag fáil Sochar Comhchineáil thar an tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin.

4.5 Íocaíocht bónais

Ní bhíonn íocaíochtaí bónais mar chuid den phá san earnáil rialtais áitiúil.

5. Conas atáimid ag Tacú le Comhionannas Inscne

De réir an Achta um Fhaisnéis ar Bhearnaí Phá idir na Fir agus na Mná 2021, is é 2024 an triú bliain a bhfuil tuairisc tugtha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an mbearna phá idir na fir agus na mná. Leanann comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú de bheith mar chuid den bhealach a n-oibrímid.

5.1 Cleachtais Earcaíochta atá Córa agus Trédhearcacha

- Mar fhostóir comhdheiseanna, oibrímid chun cultúr comhionannais a chur chun cinn. Déanaimid ár ndícheall glacadh le comhionannas deise trínár bpróisis earcaíochta agus roghnóireachta atá oscailte do chách.
- Cuirimid cúnamh agus cóiríocht chuí ar fáil le linn ár bpróisis earcaíochta agus roghnóireachta, lena n-áirítear áiseanna agallaimh a bhfuil rochtain éasca orthu, comhaontú a dhéanamh ar agallamh a bhfuil an t-am cuí aige, agus soláthar nó socrú trealaimh chuí.
- Tá ár mBoird Agallaimh uile cothromaithe ó thaobh inscne.
- Cuireann láithreáin ghréasáin earcaíochta béim ar roghanna oibre solúbtha atá oiriúnach don teaghlach, agus tá ár gcur síos ar phoist agus ár bhfógraí poist neodrach ó thaobh inscne.
- Cuirimid oiliúint agus tacaíocht ar fáil, atá oscailte do gach fostaí chun cabhrú leo ullmhú le haghaidh iarratas agus agallaimh poist.
- Íoctar fostaithe de réir scála incriminteach pá, agus cuirimid deiseanna láidre um dhul chun cinn gairme ar fáil atá oscailte do gach fostaí.

5.2 Cothromaíocht oibre is saoil

Cuirimid raon leathan roghanna oibre agus saoire solúbtha ar fáil do gach fostaí, lena n-áirítear fleisc-am, saoire cúramóra, sosanna gairme, saoire íoctha mháithreachais agus uchtaíoch, saoire atharthachta íoctha, saoire tuismitheora, saoire do thuismitheoirí, scéim bliana oibre níos giorra agus comhroinnt oibre.

5.3 Obair Chumaisc

Tá obair chumaisc ina cuid dár mbeartais oibre solúbtha anois agus tá roghanna ann chun obair oifige agus baile/moil a chomhcheangal.

5.4 Foghlaim agus Forbairt

Táimid tiomanta do dheiseanna foghlama agus forbartha leanúnacha a chur ar fáil ionas gur féidir le gach fostaí barr a cumais/chumais a fhorbairt. Spreagtar gach fostaí go gníomhach chun deiseanna oideachais a shaothrú trínár mBeartas agus Nós Imeachta Oiliúna agus Forbartha, agus tá saoire staidéir agus scrúdaithe ar fáil freisin.

5.5 Sláinte agus Folláine

Tá sláinte agus folláine gach fostaí ríthábhachtach, agus tá cothromaíocht shláintiúil idir an saol agus an obair tábhachtach dúinn. Cuirimid cláir chuimsitheacha sláinte agus folláine ceirde ar fáil d'fhostaithe lena n-áirítear Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, scagthástáil sláinte, vacsaínithe, comhairle sláinte agus cothaithe agus seimineáir fholláine etc.

5.6 Dínit ag an Obair

Cuirimid chun cinn agus tacaímid le cultúr dínite, measa agus comhionannais. Tá Beartas Dínit ag an Obair againn, agus faigheann gach fostaí agus bainisteoir oiliúint agus tacaíocht i gcur i bhfeidhm an bheartais.

5.7 Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

- Tá sé mar aidhm againn forbairt leanúnach a dhéanamh mar fhostóir a dhéanann duine rogha obair le agus daonra fostaithe cuimsitheach agus éagsúil a mhealladh, a fhorbairt agus a chur chun cinn.

- Leanaimid de bheith ag dearadh agus ag soláthar seirbhísí sofhreagracha agus cúram custaiméirí a fhreastalaíonn ar riachtanais bonn custaiméirí atá ag éirí níos éagsúla.

- Rinneadh measúnú ar chomhionannas agus cearta daonna ar fud feidhmeanna agus seirbhísí uile na Comhairle agus tá Plean Gníomhaíochta ar chomhionannas agus cearta daonna forbartha ag an gComhairle.

- Tá an ráiteas um chearta agus comhionannais an duine ionchorpraithe i bpleananna corparáideacha agus straitéiseacha na Comhairle.

5.8 Dualgas na hEarnála Poiblí

- Leabaimid Dualgas na hEarnála Poiblí de réir a chéile inár bpróisis reatha bainistíochta, forbartha polasaí agus seachadta seirbhíse.

- Tá Dualgas na hEarnála Poiblí leagtha amach in Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Ceanglaítear le halt 42 ar chomhlacht poiblí, agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, le comhionannas deise agus le caitheamh lena fhoireann agus leis na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn agus le cearta daonna a chomhaltaí foirne a chosaint agus na daoine dá soláthraíonn sé na seirbhísí.

- Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí a leagan amach, ar bhealach atá inrochtana don phobal ina bplean straitéiseach measúnú ar na saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a chreideann siad a bheith ábhartha dá bhfeidhmeanna agus dá gcuspóir agus do na beartais, pleananna agus gníomhartha atá ann cheana nó atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

- Aithnímid cosúlacht an chuspóra atá luaite sna ceanglais tuairiscithe maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí agus an Bhearna Phá idir na Fir agus na Mná araon agus cuireann foilsiú na tuairisce seo béim ar agus tacaítear leis an gcur chuige trí chéim atá molta ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas i.e., Measúnaigh, Tabhairt Faoi agus Tuairisc.

5.9 Mná sa Cheannaireacht

Cuimsíonn ár bhFoireann Ardbhainistíochta an chothromaíocht inscne seo a leanas 50% Fir agus 50% Mná agus tá sé mar aidhm againn oibriú ar chláir Mná sa Cheannaireacht a fhorbairt.

5.10 Printíseachtaí

Mar chuid dár gcur chuige cuimsitheach i leith earcaíochta, tá sé beartaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe roinnt clár printíseachta a thairiscint agus glacann sí páirt mar chuid de Phlean Gníomhaíochta do Phrintíseacht na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta 2021 – 2025 a bhfuil sé mar aidhm aige líon na gclár printíseachta a mhéadú laistigh den tSeirbhís Phoiblí. Áirítear leis seo cláir printíseachtaí nua atá nasctha le réimsí oibre laistigh d'údaráis áitiúla, lena n-áirítear TF agus Airgeadas chomh maith le réimsí printíseachtai níos traidisiúnta.

5.11 Bailiú Sonraí agus Forbairt Beartais Bunaithe ar Fhianaise

Fáiltímid roimh an deis tuairisc a thabhairt ar ár mbearna phá idir na fir agus na mná agus d'oibríomar i gcomhpháirt ar fud na hearnála chun cur chuige caighdeánach agus comhsheasmhach a sholáthar maidir le tuairisciú. Oibreoimid leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus lenár gcomhghleacaithe in údaráis áitiúla eile chun foghlaim agus dea-chleachtas a roinnt.



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní

2024